# Aonad Oibre Samplach 4
# Céim 1 (Naíonáin Shóisearacha is Shinsearacha):
# Ailgéabar: Patrúin, Rialacha agus Coibhneasa

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

| Curaclam Teanga na Bunscoile/ Sonraócht Teanga | Curaclam Matamaitice na Bunscoile/ Sonraíocht ETIM |
|---|---|
| **TORTHAÍ FOGHLAMA - GAEILGE** Is samplaí iad na Torthaí Foghlama thíos, iad dírithe ar theanga agus ar thorthaí foghlama an cheachta seo ar leith. D`fhéadfaí iad seo a athrú ag brath ar riachtanais agus ar chumas an ranga.<br><br>*Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla, ba cheart go mbeadh páistí in ann…*<br>**Léiriú Tuisceana:** Tuiscint ar chumarsáid cainteora Gaeilge a léiriú trí ghníomh nó fhreagra cuí a thabhairt as Béarla, nó trí fhocail nó frásaí coitianta Gaeilge a úsáid agus thrí threoracha gearra a leanúint.<br><br>**Gnásanna Sóisialta agus Feasacht ar Dhaoine eile:** Feidhmiú mar chuid de ghrúpa agus roinnt focail/frásaí Gaeilge á n-úsáid. | **Snáithe:** Ailgéabar<br>**Snáithaonad:** Patrúin, Rialacha agus Coibhneasa<br><br>*Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla, ba cheart go mbeadh páistí in ann...*<br>• patrúin agus seichimh a fhiosrú, a leathnú agus a chruthú |

| Cleachtais Oideolaíochta & Gnéithe CMB | Measúnú agus Aiseolas le linn an cheachta |
|---|---|
| **Úsáidfear na <u>Cleachtais Oideolaíochta</u> seo a leanas le linn an cheachta matamaitice. (CMB, lch 26/ Sonraíocht ETIM, lch 82)**<br>·Tascanna dúshlánacha cognaíocha a úsáid.<br>·Comhrá mata a chur chun cinn.<br>·Meon táirgiúil a chothú.<br>·Spraíúlacht a spreagadh.<br>·Béim a chur ar shamhaltú matamaiticiúil.<br><br>**Le linn na n-eispéireas foghlama úsáidfidh na páistí na <u>Gnéithe</u> (CMB, lch 25/ Sonraíocht ETIM, lch 81) seo a leanas:**<br>·Cumarsáid: m.sh. agus iad ag déanamh cur síos ar an aonad leantach agus ar an bpatrún athfhillteach.<br>·Réasúnaíocht: m.sh. argóint a dhéanamh ar son a gcuid smaointeoireachta agus é/í ag déanamh cur síos ar an bpatrún athfhillteach.<br>·Tuiscint & Ceangail: Idirghníomhaíonn agus comhoibríonn sé le piaraí chun an t-aonad leantach a shainaithint laistigh de phatrún athfhillteach.<br>·Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhbanna: m.sh. iniúchadh agus fiosrú ar bhealaí le patrúin athfhillteacha a shainaithint, a leathnú agus a chruthú. | **Breathnóireacht an mhúinteora:** Siúil timpeall le linn an cheachta ag breathnú ar na páistí. Dírigh ar fhoghlaim an ábhair agus ar úsáid na Gaeilge.<br>**Torthaí Foghlama na Gaeilge:** Ar léirigh na páistí tuiscint le freagraí Béarla, gníomhaíochtaí cuí agus focail/ frásaí gearra Gaeilge. Ar úsáid na páistí roinnt focal/frásaí as Gaeilge chun feidhmiú mar chuid de ghrúpa.<br>**Idirdhealú** - Roinnt: Abairtí bunúsacha a rá agus ceisteanna a chur Formhór: Rudaí a aithníonn siad a ainmniú Gach duine: Treoracha simplí a leanúint. (Beirteanna ar mheascán cumais).<br>**Torthaí Foghlama Churaclam Matamaitice na Bunscoile**: An aithníonn an foghlaimeoir patrúin? An bhfuil an foghlaimeoir in ann an t-aonad leantach a shainaithint i bpatrúin? An bhfuil an foghlaimeoir in ann patrúin athfhillteacha a chóipeáil, a leathnú agus a chruthú?<br>**Ceistiúchán**: D'fhéadfaí ceisteanna a chur ar na páistí go rialta agus iad i mbun gníomhaíochtaí lena dtuiscint a mheas - ag deireadh an ranga le dul siar ar an bhfoghlaim ábhair agus teanga.<br>**Féinmheasúnú/ Piarmheasúnú**: Úsáid ordóga suas/síos le tuiscint na bpáistí a mheas.<br>**Dialann an mhúinteora**: D'fhéadfaí nótaí a choinneáil den téarmaíocht atá ag teastáil ó na páistí. Coinnigh taifead maidir le páistí a bhfuil cabhair bhreise uathu.<br>**Féinmheasúnú an mhúinteora**: An raibh mé dílis don Mhatamaitic mar ábhar? An raibh béim ar ghníomhaíochtaí patrúin? An raibh mé dílis don Ghaeilge? An ndearna mé ionchur teanga oiriúnach? An raibh deiseanna fíorchumarsáide ag na páistí? |

# Aonad Oibre Samplach 4
## Céim 1 (Naíonáin Shóisearacha is Shinsearacha):
## Ailgéabar: Patrúin, Rialacha agus Coibhneasa

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

**Teanga***:* Tá réimse leathan foclóra agus teanga ag baint leis na ceachtanna seo. Tá teanga féideartha leagtha amach thíos. Ní gá go mbeadh múinteoir ag díriú ar an bhfoclóir ar fad atá luaite anseo. Moltar dul siar ar aon teanga atá ag na páistí cheana agus an teanga nua a thabhairt do na páistí de réir a chéile. D'fhéadfaí an foclóir agus na frásaí nua a úsáid go neamhfhoirmiúil le linn gnáthaimh an lae. Déan iarracht an oiread agus is féidir den fhoclóir a mhúineadh roimh ré mar ullmhúchán do na gníomhaíochtaí mata.

| Teanga an Mhúinteora | Teanga an Mhúinteora | Teanga an Mhuinteora |
|---|---|---|
| **Teanga an Ranga (Bain úsáid as an bhfoirm uatha/iolra nuair is cuí)**<br>Abair é/Abraigí é<br>Béic/Béicigí/Scairt/Scairtigí amach é<br>Níos airde! Níos airde arís!<br>Ní chloisim thú/sibh/<br>Cad a dúirt mé?<br>An bhfuil tú/sibh réidh?<br>An dtuigeann sibh? Ordóg suas/Ordóg síos<br>Ar aghaidh libh!<br><br>Patrún atá ann! Ar dtús tá an x ansin tá an x arís is arís.<br>Déan cur síos ar an bpatrún. Cad a rinne mé?<br>Cad é an patrún?<br>Cén dath a thagann tar éis dearg gach uair?<br>Cén dath a leanann dearg gach uair?<br>Ar dtús tá dearg, agus ansin tá ...?<br>Cad é an chéad rud eile? | **Príomhghníomhaíocht 1: Patrún a chóipeáil**<br><br>Féachaigí ar mo scaif/ shlabhra/ na stiallbhratacha srl. Féachaigí, is patrún atá ann.<br>Ar dtús tá an X agus ansin tá an Y.<br>Arís agus arís eile!<br>Táim chun an patrún seo a chóipeáil ar an gclár bán.<br>Cad a bheidh ann ar dtús, agus ansin?<br>Arís agus arís eile, tá patrún ann!<br>N'fheadar an bhfuil aon phatrúin eile thart timpeall an tseomra?<br>Féachaigí timpeall!<br>Seo ceann- an féidir linn e a chóipeáil?<br>Cabhraigh liom, a Shiobhán.<br>Déanfaimid le chéile é.<br>Mo shealsa ar dtús. Ansin do shealsa<br>An-mhaith!<br>Ar mhaith libh ar fad patrúin a chóipeáil? Ba mhaith? Iontach?<br>Isteach i mbeirteanna mar sin agus beimid ag obair le chéile-Mary agus Ben le chéile agus déarfaidh sibh 'mo shealsa, do shealsa'.<br>Taispeáin dom na cruthanna a dhéanann aonad amháin den phatrún (an t-aonad athfhillteach?<br>Taispeáin na cruthanna a dhéanann patrún amháin dom<br>Cad atá uait anois? Cén fáth? Tá dearg uaim. Tá dearg uait.<br>(Gaeilge Neamhfhoirmiúil- tá deoch/peann luaidhe uaim). | **Príomhghníomhaíocht 2: Cur le Patrún**<br>"Cad é seo ar an gcófra?<br>Patrún! Cé a thosaigh an patrún seo?<br>Is féidir liom cur leis.<br>Cad é an chéad rud eile?<br>Táim chun cur leis an patrún seo.<br>An chéad rud eile ná ... béirín beag dearg?<br>Tá dearg uaim.<br>A Sheáin, ar mhaith leatsa cur leis?<br>Mo shealsa/ Do shealsa.<br>Seo dhuit. Go raibh maith agat!<br>Cuirfidh mé ceol ar siúl. Nuair a stopfaidh sé- caithfear stopadh-Stop"! Gach éinne táimid chun an slabhra a chur ó dhuine go duine agus an patrún á chóipeáil againn.<br>Nuair a thugann tú é go dtí an chéad duine eile deir tú 'Seo dhuit' agus déarfaidh an duine eile 'Go raibh maith agat'.<br><br>**Príomhghníomhaíocht 3. Patrún a dhéanamh**<br>Inniu a pháistí, tá sibh chun bhur bpatrúin féin a dhéanamh le rudaí éagsúla atá ar na boird. Féachaigí, tá ciúbanna, cruthanna, sopip, ceirníní ar na boird.<br>Cad a rinne tú? Rinne tú patrún.<br>Abair liom faoi. Cad é an chéad rud eile? Is patrún iontach é sin! |

# Aonad Oibre Samplach 4
# Céim 1 (Naíonáin Shóisearacha is Shinsearacha):
# Ailgéabar: Patrúin, Rialacha agus Coibhneasa

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

**Teanga***:* Tá réimse leathan foclóra agus teanga ag baint leis na ceachtanna seo. Tá teanga féideartha leagtha amach thíos. Ní gá go mbeadh múinteoir ag díriú ar an bhfoclóir ar fad atá luaite anseo. Moltar dul siar ar aon teanga atá ag na páistí cheana agus an teanga nua a thabhairt do na páistí de réir a chéile. D'fhéadfaí an foclóir agus na frásaí nua a úsáid go neamhfhoirmiúil le linn gnáthaimh an lae. Déan iarracht an oiread agus is féidir den fhoclóir a mhúineadh roimh ré mar ullmhúchán do na gníomhaíochtaí mata.

| Teanga an Mhúinteora | Teanga an Mhúinteora | Teanga na bPáistí |
|---|---|---|
| **Príomhghníomhaíocht 4: Patrún a dhéanamh (Gluaiseachtaí)**<br>Dán le gníomhaíochtaí- Buail bos, gread cos, cas timpeall, glac sos.<br>Buail bos, gread cos, buail bos, gread cos,<br>Ó rinne mé patrúin!<br>An féidir libh mo phatrún a chóipeáil?<br>Is patrún é seo, ach patrún le gníomhaíochtaí.<br>Cad eile gur féidir liom a dhéanamh?<br>Céard faoi: rólaí pólaí, buail bos, buail bos, Rólaí pólaí, buail bos, buail bos.<br>Cas timpeall, gread cos, gread cos.<br>Scríobhfaidh mé mo phatrún. Seasann gorm do bhualadh bos, seasann glas do ghread cos, seasann buí do chas timpeall, Gorm, Glas, Buí, Gorm, Glas, Buí- déanfaidh mé na gníomhaíochtaí anois.<br>Fiona, tar anseo, déanfaimid ceann eile- taispeáin dom do phatrún gníomhaíochtaí.<br>An-mhaith, sin iontach cúl ar fad!<br>Úsáidfimid ciúbanna, cén dath a úsáidfimid i gcomhair bualadh bos? Agus cas timpeall? Agus rólaí pólaí?<br>Anois a pháistí- déanaigí bhur bpatrún gníomhaíochta. Agus úsáid na dathanna chun é a léiriú.<br>Cad a rinne tú?<br>Rinne mé patrún- rinne mé dearg, glas, dearg, glas. dearg-sin bualadh bos, glas - sin gread cos. | **Príomhghníomhaíocht 4 (Mhalartach): Patrúin a dhéanamh le huimhreacha**<br>a haon, a dó, a trí, a ceathair, a cúig, a sé, a seacht,a hocht, a naoi, a deich.<br>Cén uimhir atá in easnamh?<br>Cad é an chéad uimhir eile?<br>An féidir libh bhur bpatrúin uimhreacha féin a chuthú?<br>Tá mé chun cúpla patrún a dhéanamh anois ach ní bheidh mé ag úsáid ciúbanna nó cruthanna an uair seo.<br>An uair seo beidh mé ag úsáid uimhreacha.<br>An gcuimhin libh ord na n-uimhreacha.<br>Ar dtús tá aon, ansin a dó, ansin cad é an chéad cheann eile? An-mhaith a trí?<br>An uair seo beidh rud in easnamh?<br>A haon, a dó, fágfaidh mé bearna anseo, a ceathair, a cúig, a sé, a seacht.<br>Cad a théanns anseo? (Dírigh do mhéar ar an mbearna).<br>An t-am seo beimid ag dul siar> cúig, ceathair, trí, bearna, haon.<br>Cén uimhir a théanns ansin? Dó? Díreach é. An-mhaith. | Focail a bhaineann le dath, cruth, méid, uigeacht (Buí, gorm, glas, Triantán, dronuilleog, ciorcal, cearnóg,)<br>Focail a bhaineann le téama le cur i bpatrún (bia, ainmhithe, éadaí samhraidh, bláthanna is araile)<br>Patrún, Patrún. Buí, gorm, Buí, gorm . Patrún, Patrún. Tá áthas orm! Ar dtús tá an buí, Ansin tá an gorm, Arís is arís. tá áthas orm!<br>cosúil/éagsúil, nach bhfuil,<br>patrún, an chéad rud eile, an dara, ansin, ar deireadh/rud deireanach, ar dtús, ansin.<br>Cad é an chéad rud eile? An chéad rud eile ná?<br>Seo dhuit. Go raibh maith agat.<br>Mo shealsa, Do shealsa.<br>Rinne mé patrún. Mo phatrún ná ….<br>Cad é an patrún?<br>Cad é an chéad rud eile?<br>Rinne tú patrún, maith thú…<br>Cén coirnín/béirín/ciúb atá de dhíth ort ansin? Cén fáth?<br>Buail bos, Gread cos, Cas timpeall, Glac sos. Rólaí Pólaí.<br>a haon, a dó, a trí, a ceathair, a cúig, a sé, a seacht, a hocht, a naoi, a deich. |

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil an acmhainn seo beartaithe mar threoir inoiriúnaithe. Tugann sé rogha do mhúinteoirí na gníomhaíochtaí agus na tascanna a athrú, a leathnú, nó a shrianú, mar is cuí dá gcomhthéacs.

## Luathchumarsáid agus Réamhghniomhaiocht

Tréimhse Luathchumarsáide (1): Téigh ar na gníomhaíochtaí a bhain le réamh-mhúineadh na ndathanna ó Aonad 1 go hAonad 3 a bheidh ag teastáil do na patrúin (Mar shampla béiriní, ciúbanna, dathanna, cruthanna)

Tréimhse Luathchumarsáide (2): Na Cruthanna (Tá ábhar anseo chun dul siar ar chiorcal, cearnóg, is triantán agus chun an dronuilleog a mhúineadh.) Sleamhnáin 5-9.

Tréimhse Luathmarsáide (3): Gaeilge Neamhfhoirmiúil chun méadú a dhéanamh ar cé chomh minic is a gcloiseann na páistí frásaí mar ‘an chéad rud eile’, ‘Seo dhuit’, Do shealsa/Mo shealsa. Sleamhnán 10.

Tréimhse Luathchumarsáide (4): Dán agus plé faoi Phatrúin: Patrún, Patrún (Sleamhnán 11-15)

Tréimhse Luathchumarsáide (5): Cóisir Áine: Pictiúr de Bhreithlá Áine- An bhfeiceann na páistí patrúin sa phictiúr? (16-17)

Tréimhse Luathchumarsáide (6): Buail bos gread cos- mar ullmhúchán don cheacht ar phatrúin le gluaiseachtaí coirp (Príomhghníomhaíocht 4)

## Cumarsáid agus Gníomhaíocht

**Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (1)** (Sleamhnáin 20-21)

**(Gnéithe: Cumarsáid/Réasúnaíocht) Patrún a aithint agus a chóipeáil (Bunaithe ar Réidh, Socair, Dean lch.50)**

**Fócas: déanfaidh páistí patrúin shimplí a chóipeáil agus beidh siad ag labhairt orthu.**

1. Féachfaidh an múinteoir ar roinnt samplaí de phatrúin le fíor-rudaí curtha timpeall an tseomra. Mar shampla- stiallbhratacha (bunting) ar an gclár bán le dathanna an chontae. Feicim patrúin eile sa seomra ranga, an bhfeiceann sibh iad? Cóipeálfaidh an múinteoir roinnt patrúin os comhair an ranga. Mar shampla- le ciúbanna. Labhróidh an páiste os ord faoi cad atá ar siúl aige/aici. ‘Féach tá patrún anseo. Táim chun é a chóipeáil. Ar dtús tá ciúb dearg ansin tá buí, arís agus arís eile.
2. Cóipeálann páistí rudaí éagsúla (Rogha an pháiste: D’fhéadfadh an múinteoir patrúin a leagan amach ar na boird le hábhair éagsúla-piocann páistí an rud atá siad ag iarraidh a chóipeáil agus déanann siad an patrún céanna leis an ábhar céanna.
3. Cóipeálann páistí léiriúcháin amhairc. Cóipeálann na páistí patrúin ó phictiúir.

Cuirfear na ceisteanna seo a leanas ar na páistí: Déan cur síos ar do phatrún-Cad a rinne tú? Cad é an patrún? Cén dath a thagann tar éis dearg gach uair (Cén dath a leanann dearg gach uair). Ar dtús tá dearg, agus ansin tá ...? / Cad é an chéad rud eile?

## Cumarsáid agus Gníomhaíocht

**Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (2) (Sleamhnáin 22-23) Cuir le Patrún**

Ag teacht ar ais tar éis am sosa beidh patrún ar an gclár bán le nóta 'Cuir leis'. Cad é seo? Cé a rinne an patrún seo? Labhróidh an múinteoir le geaitsí is múinlóireacht freisin faoin aonad athfhillteach (an píosa atá ag tarlú arís agus arís eile). Cuirfidh an múinteoir leis an patrún. Tiocfaidh páistí suas ag an gclár bán chun cabhrú. Ansin cuirfidh na páistí le patrún atá tosaithe cheana féin (ag úsáid earraí nádúrtha/coinchréiteacha atá ar fáil). Cuirfidh siad síos ar do phatrún. Taispeánfaidh siad na cruthanna a dhéanann aonad amháin den phatrún (an t- aonad athfhillteach)-nó cad atá ag tarlú arís agus arís eile? (Gnéithe: Cumarsáid/Réasúnaíocht)

Cluiche: Cuir an Patrún ar aghaidh agus Cuir Leis. Déan an cur chuige seo a léiriú le grúpa amháin ag an tús agus ansin lig do gach éinne é a chleachtadh. Suífidh na páistí i gciorcal de chúigear. Beidh slabhra, réiteoir píopa nó sop le coirníní acu. Beidh patrún tosaithe orthu cheana. Tógfaidh an chéad pháiste an slabhra, cuirfidh sé/sí an chéad choirnín eile air, ansin déarfaidh siad 'Seo dhuit' agus tabharfaidh siad é don duine in aice leo a déarfaidh 'go raibh maith agat', ansin cuirfidh an chéad pháiste eile leis an bpatrún, tabharfaidh siad é don chéad duine eile ag rá 'Seo dhuit' arís. Is féidir mo shealsa/do shealsa a chleachtadh an chaoi chéanna. Leanfaidh siad ar aghaidh go dtí go stopann an ceol. Ansin seiceálfaidh an múinteoir an patrún.

**Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (3) (Sleamhnáin 24) Patrún a dhéanamh- (Gnéithe: Cumarsáid/Réasúnaíocht) Patrún a chruthú**

- Sa ghníomhaíocht seo beidh a rogha patrún á dhéanamh ag na páistí. Siúlfaidh an múinteoir timpeall ag cur aird ar phatrúin atá níos casta ná a chéile, mar shampla- ABB, ABB, ABC, ABC, ABBC, ABBC ag brath ar cumas na bpáistí.

**Cluiche Bacainne:** Beidh páiste amháin ag glaoch amach an patrún atá ar chárta gan é a thaispeáint dá pháirtí. Déanfaidh páiste eile an phatrún. Beidh bacainn eatarthu chun nach féidir leo cárta/obair a chéile a fheiceáil go dtí go bhfuil siad críochnaithe. Ansin déanfaidh siad comparáid idir an patrún ar an gcárta agus an rud atá déanta ag an bpáiste. An bhfuil siad mar an gcéanna?/ Tá siad mar an gcéanna.

**Ceisteanna ón múinteoir:** An bhfuil siad mar an gcéanna. Cad é an patrún? Abair má leanann tú ar aghaidh le do phatrún-cad é an chéad rud eile?

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

## Cumarsáid agus Gníomhaíocht

**Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (4) (Sleamhnáin 25-28) (Gnéithe: Cumarsáid/Réasúnaíocht) Patrún le gníomhaíochtaí- bunaithe ar an bhfíseán seo.**

Rachaidh an múinteoir siar ar an méid atá ar eolas ag na páistí faoi phatrúin, ag ceistiú, ag aithris an dán agus ag déanamh patrúin ar an gclár bán idirghníomhach.
Ansin cuirfidh sé/sí tús le hábhar an cheachta inniu, patrúin a dhéanamh le gluaiseachtaí coirp. Déanfaidh sé/sí an patrún, *Buail bos, Buail bos, Gread cos, Gread cos* agus cóipeálfaidh na páistí é/í.
Ansin úsáidfidh sé/sí dathanna ar an gclár bán chun an patrún seo a léiriú go físiúil. Mar shampla "úsáidfidh mé gorm don 'bualadh bos', buí don 'ghread cos' is glas don 'rólaí pólaí' is araile.
Ansin déanfaidh na páistí patrúin gluaiseachta a chumadh agus a léiriú go físiúil le ciúbanna srl. Labhróidh siad lena chéile agus leis an múinteoir faoi na patrúin.

nó

**Príomhghníomhaíocht 4 (Rogha 2) (Sleamhnán 29-30) Patrún a dhéanamh le hUimhreacha**

Téigí siar ar phatrúin leis an bhfíseán ceangailte.
Bí ag súgradh le patrúin le huimhreacha, mar atá léirithe ag deireadh an fhíseáin.
Úsáid an bhileog oibre mar thúsphointe.
Ansin iarr ar na páistí a bpatrúin uimhreacha féin a dhéanamh le marcóir ar pháipéar.

## Iarchumarsáid agus Iarghníomhaiocht

**Sleamhnán 31: Tá réimse d'iarghníomhaíochtaí luaite ar Sl.31 gur féidir a úsáid mar bhiachlár.**

- Téigh siar ar na dánta/rannta ábhartha.
- Tá áiseanna/bileoga ar fáil saor in aisce as Gaeilge ar shuíomh Foras na Gaeilge: Mata Le Chéile agus Mata Beo.
- Spreag na páisti chun an teanga 'seo dhuit'-'go raibh maith agat', 'arís', 'an chéad rud/uair eile', 'do shealsa' a úsáid ag amanna eile i rith an lae.
- Bí ag faire amach do phatrúin eile timpeall na scoile (Súile Mata- Féach samplaí ar Shleamhnán 45)
- Tá smaointe breise/nascanna deasa leis an gCuraclam ar shuíomh PMC Oide, mar shampla: Muincí a Dhéanamh/ Making Necklaces
- Má tá torthaí/glasraí sna hardranganna an mbeadh siad in ann iad a leagan amach mar phatrúin do na páistí sna Naíonáin agus botún amháin a dhéanamh d'aon ghnó- agus caithfidh na naíonáin an botún a aimsiú?
- Ealaín: is féidir patrúin a fhiosrú san ealaín freisin, mar shampla le criáin is uiscedhathanna nó le nithe téamacha a bhaineann leis an am sa bhliain (patrún ar ubh Chásca nó ar gheansaí Nollag srl)
- Is féidir leabhar faoi Patrún, mar shampla 'Is Maith Linn Patrúin' a léamh leis an rang.

**Forbairt**

- D'fhéadfá patrún ag fás a nascadh leis an scéal Dónal an Chlúimh agus é a léiriú le pictiúir.
- Sa chás go bhfuil páistí réidh do dhúshlán breise is féidir díriú níos mó ar patrún ag fás. Chun é seo a dhéanamh beidh na bunuimhreacha ag teastáil. Tá Aguisín ag deireadh an aonaid chun tacú le Patrún ag Fás a mhúineadh.

**Aiseolas ceartaitheach:** Bainfidh na daltaí úsáid as Gaeilge agus Béarla le linn an cheachta. Tá úsáid an Bhéarla nádúrtha, ach le tacú le teanga na ndaltaí a fhorbairt bain úsáid as leideanna, athrá agus múnlóireacht chun na daltaí a chur i dtreo na Gaeilge. Tuilleadh sonraí ar fáil anseo: https://oide.ie/wp-content/uploads/2023/10/Aiseolas-Ceartaitheach-i-gComhtheacs-an-Tumoideachais.pdf

| Trealamh | Tagairtí |
|---|---|
| • Cur i láthair PowerPoint d'Aonad Oibre Samplach 1-4<br>• Teilifís chliste/osteilgeoir le callairí (speakers)<br>• Ábhair le patrúin a dhéanamh leo: béiríní beaga agus móra, cipíní, ciúbanna, cruthanna, ábhar nádúrtha de dhathanna éagsúla<br>• Cártaí le patrúin<br>• Pictiúir a bhaineann le téama ar leith más maith leat an foclóir sin a úsáid do na patrúin | • Curaclam Matamaitice na Bunscoile/ Primary Mathematics Curriculum (2023)/ Sonraíocht ETIM (2025)<br>• Curaclam Teanga na Bunscoile/Primary Language Curriculum (2019)/ Sonraíocht Teanga (2025)<br>• Mol Churaclam Mata na Bunscoile Oide: https://pmc.oide.ie/ga/<br>• Mol Mata: https://ccea.org.uk/mol-mata/laimhseoga/uirlis-sortal<br>• Réidh, Socair, Déan - Mata: Lámhleabhar praiticiúil do mhúinteoirí le Eunice Pitt (2011)<br>• TG4 Foghlaim |

| **Nótaí an Mhúinteora:** D'fhéadfá nótaí a choinneail den téarmaíocht atá ag teastáil ó na páistí. Coinnigh taifead maidir le páistí a bhfuil cabhair bhreise de dhíth orthu ó thaobh na teanga de nó na matamaitice de. Nó breac nótaí breise síos maidir le hoiriúnacht an cheachta. |
| --- |
| |